CINNEADH (CBES) 2023/993 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Bealtaine 2023

lena seoltar Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/855 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Aibreán 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/855.

(2) An 16 Bealtaine 2023, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Plean Oibríochta (OPLAN) maidir le EUPM Moldova a fhormheas.

(3) De réir an mholta ó Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUPM Moldova, ba cheart an Misean a sheoladh an 22 Bealtaine 2023.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2023/855 tugadh méid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUPM Moldova a chumhdach le linn na chéad cheithre mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin. Ba cheart an méid tagartha a athbhreithniú chun fad an mhisin a chumhdach, i.e. go dtí an 21 Bealtaine 2025. Ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/855 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUPM Moldova i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar OPLAN maidir le EUPM Moldova a fhormheas.

Airteagal 2

Seolfar EUPM Moldova an 22 Bealtaine 2023.

Airteagal 3

Leis seo, údaraítear Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUPM Moldova, le héifeacht láithreach, tús a chur le forghníomhú an Mhisin.

([1]) IO L 110, 25.4.2023, lch. 30.

Airteagal 4

Leis seo, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 13(1) de Chinneadh (CBES) 2023/855:

‘1. EUR 13 356 508,08 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a cheaptar chun an caiteachas a bhaineann le EUPM Moldova a chumhdach ar feadh na tréimhse ón 24 Aibreán 2023 go dtí an 21 Bealtaine 2025. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d’aon tréimhse ina dhiaidh sin.’.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES